



COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA HEORPA

Is comhlacht comhairleach de chuid an Aontais Eorpaigh é Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE). Tá sé comhdhéanta de 350 comhalta. Tá a chuid tuairimí ag teastáil ar bhonn comhairliúchán éigeantach sna réimsí atá leagtha síos leis na Conarthaí nó ar bhonn comhairliúchán deonach arna dhéanamh ag an gCoimisiún, ag an gComhairle nó ag an bParlaimint. Féadfaidh sé tuairimí a eisiúint freisin as a stuaim féin. Níl a chomhaltaí faoi cheangal ag aon teoracha. Beidh siad go hiomlán neamhspleách i bhfeidhmiú a ndualgas, ar mhaithe le leas coiteann an Aontais.

AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 13(4) CAE; Airteagail 301-304 CFAE; agus [Cinneadh \(AE 2015/1157 ón gComhairle lena gcinntear comhdhéanamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa](#).

COMHDHÉANAMH

A. Líon agus leithroinnt náisiúnta na suíochán (Airteagal 301 CFAE)

Tá 350 comhalta ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) faoi láthair, roinnte idir na Ballstáit mar seo a leanas:

- 24 an ceann don Fhrainc, don Ghearmáin, don Iodáil agus don Ríocht Aontaithe;
- 21 an ceann don Pholainn agus don Spáinn;
- 15 don Rómáin;
- 12 an ceann don Bheilg, don Bhulgáir, don Ghréig, don Ísiltír, don Ostair, do Phoblacht na Seice, don Phortaingéil, don tSualainn agus don Ungáir;
- 9 an ceann don Chróit, don Danmhairg, d'Éirinn, don Fhionlainn, don Liotuáin agus don tSlóvaic;
- 7 an ceann don Laitvia agus don tSlóivéin;
- 6 don Eastóin;
- 5 an ceann don Chipir, do Lucsamburg agus do Mhálta.

I mí na Bealtaine 2019, ghlac an Chomhairle cinneadh lena cinneadh comhdhéanamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa amhail ón 21 Meán Fómhair 2020. Leis an gcinneadh, athraítear an líon suíochán i gcás ina bhfágfaidh an Ríocht Aontaithe



AE, a mbeadh mar thoradh air go dtiocfadh 24 shuíochán chun bheith folamh. Leis na rialacha nua, tugtar suíochán breise amháin don Eastóin, don Chipir agus do Lucsamburg, ós rud é gur chaill na Ballstáit sin suíochán mar thoradh ar an gcinneadh deireanach a rinneadh ar chomhdhéanamh na gCoistí, mar gheall ar aontachas na Cróite. Na suíocháin uile eile a thiocfaidh chun bheith folamh, cuirfear ar leataobh iad do mhéaduithe a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo. Ar an iomlán, laghdófar comhdhéanamh an Choiste ó 350 comhalta go 329 comhalta má fhágann an Ríocht Aontaithe AE.

B. An bealach le haghaidh ceapachán a dhéanamh (Airteagal 302 CFAE)

Déantar comhaltaí an Choiste a cheapadh trí thromlach cáilithe, ar bhonn moltaí ó na Ballstáit. Téann an Chomhairle i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis na hainmniúcháin sin (Airteagal 302(2) CFAE). Ní mór do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh ionadaí ann do na catagóirí éagsúla de ghníomhaíocht eacnamaíoch agus sóisialta. Sa chleachtas, bíonn aon trian de na suíocháin ag fostóirí, bíonn aon trian acu ag fostaithe agus bíonn aon trian acu ag ionadaithe do chatagóirí eile (feirmeoirí, miondíoltóirí, gairmeacha beatha liobrálacha, tomhaltóirí, etc.).

Is é 350 uaslíon chomhaltaí CESE a cheadaítear faoi Chonradh Liospóin (Airteagal 301 CFAE). Bhí an líon níos airde ná sin ar feadh tamall gairid idir Iúil 2013 agus Meán Fómhair 2015 mar gheall ar aontachas na Cróite an 1 Iúil 2013. Nuair a cuireadh naoi suíochán nua don Bhallstát nua le CESE, mhéadaigh líon iomlán na gcomhaltaí go 353 (ó 344). Dá bhrí sin, le cinneadh 2015/1600 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2015 lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2015 go 20 Meán Fómhair 2020, rinneadh laghdú ar líon na gcomhaltaí do Lucsamburg agus don Chipir ó sheisear an ceann go cúig an ceann, agus rinneadh laghdú ar líon na gcomhaltaí don Eastóin ó sheachtar go seisear, i gcomhréir le leithdháileadh na suíochán ar Choiste na Réigiún, ar a bhfuil 350 comhalta freisin.

C. An cineál téarma oifige (Airteagal 301 CFAE)

Déanann rialtais náisiúnta comhaltaí an Choiste a ainmniú agus déanann an Chomhairle iad a cheapadh le haghaidh téarma inathnuaite cúig bliana (Airteagal 302 CFAE). Roghnaítear na comhaltaí ó ghrúpaí leasmhara eacnamaíocha agus sóisialta san Eoraip. Ba i mí Dheireadh Fómhair 2010 a rinneadh an t-athnuachan deiridh, don téarma oifige 2015-2015.

Is de cheann amháin de thrí ghrúpa iad:

- [Fostóirí](#) (Grúpa I);
- [Oibrithe](#) (Grúpa II);
- [Éagsúlacht Eoraip](#) (Grúpa III).

Ní mór do na comhaltaí a bheith go hiomlán neamhspleách agus a gcuid dualgas á gcomhlíonadh acu, chun leasa ginearálta AE (Airteagal 300(4) CFAE). Gach uair a thiocfaidh suíochán comhalta nó comhalta ionaid chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht lena dtéarma oifig, ní mór don Chomhairle cinneadh ar leith a dhéanamh chun comhalta nua a cheapadh.



EAGRÚ AGUS NÓSANNA IMEACHTA

Níl an Coiste luaite i measc na n-institiúidí atá liostaithe in Airteagal 13(1) CAE (cé go bhfuil sé luaite in Airteagal 13(4) go gcuidíonn sé leis an bParlaimint, leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún trí ghníomhaíochtaí comhairliúcháin a fheidhmiú), ach tá sé an-neamhspleách ó thaobh eagraithe agus feidhmithe de.

- An tUachtarán agus an Biúró, a bhfuil téarma oifige dhá bhliain go leith ag gach ceann acu, déanann an Coiste iad a cheapadh as measc a chomhaltaí féin.
- Glacann an Coiste a rialacha nós imeachta féin.
- Féadfaidh sé teacht le chéile as a stuaim féin, ach de ghnáth tagann sé le chéile arna iarraidh sin ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún.
- Chun cuidiú lena thuairimí a ullmhú, tá sé cinn de ranna speisialaithe aige le haghaidh réimsí éagsúla de ghníomhaíocht AE agus féadann sé fochoistí a bhunú chun déileáil le hábhair ar leith.
 - Talmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol ([NAT](#));
 - Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus Comhtháthú Eacnamaíoch agus Sóisialta ([ECO](#));
 - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht ([SOC](#));
 - Caidreamh Seachtrach ([REX](#));
 - An Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas ([INT](#));
 - Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise ([TEN](#));
- Ar mhaithe le héifeachtaí sineirge, déanann sé seirbhísí a bhuanrúnaíochta sa Bhruiséil a roinnt le rúnaíocht Choiste na Réigiún (i dtaca lena shuíomh sa Bhruiséil, féach Prótocal Uimh. 6 a ghabhann le Conradh Liospóin i dtaca leis an áit a bhfuil suíomh na n-institiúidí lonnaithe). Ina theannta sin, tá Biúró na Parlaiminte tar éis comhaontú a thabhairt i gcrích leis an gCoiste, faoi chuimsiú nós imeachta buiséadach 2014, chun gnóthachan éifeachtúlachta i réimse an aistriúcháin a bhaint amach le chéile. Tá buiséad riaracháin bliantúil de EUR 131 milliún (2014) ag an gCoiste, atá ar áireamh i roinn VI de bhuiséad AE.

CUMHACHTAÍ

Bunaíodh an Coiste le Conarthaí na Róimhe 1957 chun go mbeadh grúpaí leasmhara eacnamaíochta agus sóisialta páirteach i gcómhargadh a bhunú agus chun sásraí idirinstiúideacha a chur ar fáil chun faisnéisiú faoi shaincheisteanna Eorpacha a thabhairt don Choimisiún agus do Chomhairle na nAirí. Leis an Ionstraim Eorpach Aonair (1986) agus le Conradh Maastricht (1992), tháinig méadú ar an réimse saincheisteanna nach foláir a tharchur chuig an gCoiste. Le Conradh Amstardam, leathnaíodh tuilleadh raon na réimsí ba ghá a tharchur chuig an gCoiste, agus ceadaíodh go rachadh Parlaimint na hEorpa i gcomhairle leis. Ar an meán, déanann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa 170 doiciméad agus tuairim chomhairleach a eisiúint gach bliana (a ndéanann sé tuairim is 15% díobh a eisiúint



as a stuaim féin). Foilsítear na tuairimí san Iris Oifigiúil. Tá feidhm chomhairliúcháin ag an gCoiste (Airteagal 300 CFAE). Is é an cuspóir atá aige ná na hinstiúidí atá freagrach as cinnteoireacht AE a chur ar an eolas faoi thuairimí na n-ionadaithe i dtaobh gníomhaíocht eacnamaíoch agus shóisialta.

A. Tuairimí a eisítear arna iarraidh sin ag instiúidí AE

1. Comhairliúcháin éigeantach

I roinnt réimsí a luaitear go sonrath, sonraíonn CFAE nach bhféadfar cinneadh a dhéanamh ach amháin tar éis don Chomhairle nó don Choimisiún dul i gcomhairle leis an gCoiste. Is iad na réimsí sin:

- an beartas talmhaíochta (Airteagal 43);
- saorghluaiseacht daoine agus seirbhísí (Airteagal 46, Airteagal 50 agus Airteagal 59);
- an beartas iompair (Airteagal 91, Airteagal 95 agus Airteagal 100);
- cánachas indíreach a chomhchuibhiú (Airteagal 113);
- comhfhogasú a dhéanamh ar dhlíthe maidir leis an margadh inmheánach (Airteagal 114 agus Airteagal 115);
- an beartas fostaíochta (Airteagal 148, Airteagal 149 agus Airteagal 153);
- an beartas sóisialta, oideachas, gairmoiliúint agus an óige (Airteagal 156, Airteagal 165 agus Airteagal 166);
- sláinte phoiblí (Airteagal 168);
- cosaint an tomhaltóra (Airteagal 169);
- gréasáin thras-Eorpacha (Airteagal 172);
- an beartas tionsclaíochta (Airteagal 173);
- comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach (Airteagal 175);
- taighde agus forbairt theicneolaíoch agus an spás (Airteagal 182 agus Airteagal 188);
- an comhshaol (Airteagal 192).

2. Comhairliúchán deonach

Féadfaidh an Pharlaimint, an Coimisiún nó an Chomhairle dul i gcomhairle leis an gCoiste freisin maidir le haon ábhar eile de réir mar is cuí leo. Aon uair a rachaidh na hinstiúidí sin i gcomhairle leis an gCoiste, cibé acu ar bhonn éigeantach nó ar bhonn deonach, féadfaidh siad teorainn ama a shocrú (aon mhí amháin ar a laghad) agus ní féidir cosc a chur orthu bearta breise a dhéanamh ina dhiaidh sin mar gheall ar easpa tuairime uathu (Airteagal 304 CFAE).

B. Tuairim a eisiúint as a stuaim féin

Féadfaidh an Coiste a chinneadh tuairim a eisiúint aon uair a mheasann sé go mbeadh sé iomchuí déanamh amhlaidh.



Udo Bux
05/2019

